

Ábhar

Ag dul i mbun pinn

Téacs Físe

Nuala Ní Dhomhnaill, file, ag labhairt faoi conas a spreagann sí daoine le dul i mbun pinn.

Forbairt Bhreise

Sliocht as an dán ‘Shocktin’ le Michael Davitt (as *Scuais*, Cló Iar-Chonnachta: 1998).

Le caoinchead ó Chló Iar-Chonnachta.

Sliocht as an alt ‘An Teanga Eile Leath-Leis’ le hAlan Titley (as an leabhar *Tar éis a Bháis, Aistí ar Sheán Ó Ríordáin*; eag. Máiréad Ní Loingsigh. Cló Iar-Chonnachta: 2008).

Le caoinchead ó Chló Iar-Chonnachta agus ón údar.

Ní cúrsa teagaisc ná plean ranga atá i gceist leis an ábhar samplach seo. Is **sampla** atá ann de na cineálacha tascanna a d’fhéadfaí a bhunú ar théacsanna éagsúla d’fhonn na hinniúlachtaí agus na scileanna atá á gcur chun cinn sa siollabas a fhorbairt. Moltar go gcuirfeadh teagascóirí an t-ábhar **in oiriúint dá gcuid mac léinn féin**.



Nuala Ní Dhomhnaill: Scríbhneoir Cónaithe

Réamhobair

Beidh tú ag féachaint ar mhír fise ina bhfuil agallamh le Nuala Ní Dhomhnaill, file, atá ag obair mar scríbhneoir cónaithe i gColáiste Phádraig, Droim Conrach. Tá sí ag caint ar conas mar a spreagann sí a cuid mac léinn le dul i mbun pinn.

Sula bhféachfaidh tú ar an mír, déan an réamhobair seo:

Plé

- Cad a shamhlaíonn tú le ról an scríbhneora chónaithe?
- Cén tábhacht atá le scríbhneoirí cónaithe in institiúidí tríú leibhéal, dar leat?
- An bhfuil aon spéis agat sa scríbhneoireacht chruthaitheach? Conas mar a chuirfeá síos ar an scríbhneoireacht chruthaitheach? Cad atá i gceist léi, dar leat?
- An mbíonn sé deacair ort a bheith ag scríobh i nGaeilge? Cad iad na deacrachtaí a bhíonn agat? Conas a théann tú i ngleic leo?
- Pléigh na ráitis seo thíos ó shaineolaithe teangeolaíochta:

In terms of skills, producing a coherent, fluent, extended piece of writing is probably the most difficult thing there is to do in a language. (David Nunan)

Of all the four skills, writing is the most difficult for students...The reason for the challenging nature of written foreign language work lies in its tendency to feature more complex language than speaking: vocabulary is more varied and syntax is more complex, in particular the range of clauses and tenses used is wider. Moreover, students have to attend simultaneously to how they organise their ideas, how they make their writing coherent and how they structure and present their text. (John Klapper)

- Conas a théann tusa i ngleic leis na nithe seo a leanas a luann Klapper (i) *organise ideas*; (ii) *make writing coherent*; (iii) *structure and present text*.

Éisteacht

- Féach ar an agallamh agus pléigh na ceisteanna seo le do pháirtí.

Cén aidhm a bhíonn leis na pictiúir a thaispeánann Nuala?

Cad iad na rudaí a deir sí faoin ngramadach?

Cén cur chuige a bhí aici leis na mic léinn Mheiriceánacha?

- An raibh aon deacrachtaí tuisceana agat ag féachaint ar an mír seo? Má bhí, déan cur síos orthu.
- Cad iad na nithe is dúshlánaí duitse agus tú ag dul i ngleic le téacs éisteachta? Féach ar na nithe thíos agus pléigh iad.

canúint nach bhfuil tú ar do chompord léi
cainteoir dúchais
ábhar deacair faoi chaibidil
cúpla cainteoir le chéile
gan eolas a bheith agat ar an topaic

Feasacht Teanga

1. ‘...má chuireann tú trí ghinideach i ndiaidh a chéile go bhfuil sé uafásach ait, *you know*, nó go bhfuil sé róchnapánach...’

Cad a tharlaíonn sa Ghaeilge nuair a thagann trí ainmfhocal i ndiaidh a chéile? An bhfuil aon eolas agat faoi rial ‘hata fhear an tí’? Pléigh agus bain triail as na samplaí seo.

tionscadail + mic léinn + an ollscoil
aiste + mac léinn + an Ghaeilge
fadhbanna + muintir + an tír
dúshlán + múinteoirí + an tír
dánta + filí + an Ghaeilge
torthaí + daltaí + an Ardteist

2. Luann Nuala tionchar an Bhéarla ar scríbhneoireacht na mac léinn. Féach ar na frásaí thíos agus déan iarracht Gaeilge a chur orthu.

- he’s not my type
- I was very drunk
- this is your year
- they did a good job
- I did Irish to go on to be a primary school teacher
- I’m studying Irish
- it’s not for me
- it’s up to you
- that’s *my* pen
- I told him to be here

Ansin féach ar na frásaí a chuir mic léinn dara bliana ar fáil ina gcuid scríbhneoireachta mar aistriúchán ar na frásaí thuas. An bhfuil leagan níos fearr curtha ar fáil agatsa thuas?

- níl sé mo cineál
- bhí mé ana-meisce
- is é seo do bhliain
- rinne siad post maith
- rinne mé Gaeilge chun dul ar aghaidh go dtí múinteoir bunscoile
- tá mé ag staidéar Gaeilge
- níl sé domsa
- tá sé suas duitse
- tá sé *mo* pheann
- dúirt mé leis chun bheith anseo

Iarobair

Plé

- ‘...ag tosú le Pádraig Mac Piarais agus ag críochnú le Gearóid Mac Lochlainn agus gach éinne idir eatarthu...’ Ainmnigh cuid de na mórfhíli atá idir eatarthu.
- Cad a shíleann tú den tslí ina múintear cúrsaí filíochta ar an tríú leibhéal? An dtaitníonn filíocht leat? Cén fáth?
- Luann Nuala ‘meadaracht na mbard’ agus ‘meadaracht na n-amhrán’. Cad iad seo? An bhféadfá cur síos a dhéanamh orthu?

Tascanna

1. Léigh an sliocht seo as an dán ‘Shocktin’ le Michael Davitt.

Déardaoin

Léamh filíochta in UCG
 más filíocht atá in
 aistriúcháin
 ach do léas na leaganacha
 Béarla
 chomh leamh is a
 d’fhéadfainn
 chun aird a tharrac ar na
 bundánta
 agus d’oibrigh sé mar dúirt
 Meiriceánach
 mná *it really sounds*
so musical and rich and
extremely moving
and I just don’t get that

in the English
ó dá dtuigfeadh sí a leath

Pléigh na ceisteanna seo faoin sliocht:

- Cén dearcadh a léiríonn an file ar an aistriúchán ar dhánta?
 - Cad a cheapann tú féin? An dóigh leat gur féidir le haistriúcháin na bundánta a thabhairt leo?
 - An bhfuil sé de nós agat aistriúcháin a léamh don obair chúrsa nuair atá siad ar fáil nó an gcloíonn tú leis na buntéacsanna Gaeilge?
2. Léigh anois an téacs – sliocht as alt le hAlan Titley ina gcuireann sé síos ar aistriúcháin ar dhánta agus go mór mór na hiarrachtaí a rinneadh dánta Sheáin Uí Ríordáin a aistriú go Béarla.

Pléigh na ceisteanna seo faoin sliocht:

- Cé acu ceann de na haistriúcháin Bhéarla a luann an scríbhneoir is fearr a thaitníonn leat? Cén fáth?
 - Cad atá i gceist ag an scríbhneoir leis an abairt seo a leanas: ‘...go bhfuil aistriúchán ar nós leannáin: má tá sí go hálainn, ní dócha go mbeidh sí dílis; agus má tá sí dílis, ní dócha go mbeidh sí go hálainn...’
3. Aimsigh an dán ‘Suantraí na Mná Síní’ a luann Nuala sa mhír agus déan do mhachnamh ar cad a dhéanfá féin dá n-iarrfaí ort an dán sin a aistriú, mar a d’iarr Nuala ar na mic léinn Mheiriceánacha. An mbeadh sé deacair a leithéid a dhéanamh?
4. Tá alt scríofa ag Muiris Ó Meara, mac léinn dochtúireachta as Éirinn atá ag staidéar i Notre Dame, in *Comhar* (Deireadh Fómhair 2009). Más spéis leat é, léigh an t-alt agus faigh amach níos mó faoin nGaeilge i Notre Dame ón nasc gréasáin a thugtar ag deireadh an ailt. Tá teacht ar fhíseáin a rinne mic léinn na Gaeilge i Notre Dame ag an nasc <http://studyirish.nd.edu/people/projects/>.

Téipscript

Cad iad na straitéisí a úsáideann tú chun iad a chur ag scríobh?

Bíonn ana-chuid rudaí a dhéanaim – ó tá oiread san rudaí ann. Arís go mbraitheann sé ar an rang. An chéad lá tugaim isteach rud éigin ar nós oráiste agus *just* deirim *you know*, ‘déan cur síos ar oráiste’ nó rud éigin agus bíonn pictiúirí agam, pictiúirí a bhailím ó iarsmalanna agus áiteanna mar sin ar fud an domhain go bhfuil pictiúirí tábhachtacha a bhaineann le...leis...le traidisiún an Iarthair nó le traidisiún na Seapáine nó pé áit go mbím. Agus bíonn scata acusan agam i gcónaí agus ’sé an rud a dhéanann sé sin ná tugann sé fócas dóibh agus b’ait leat uaireanta na rudaí a thagann astu, mar ní...ana-mhinic ní bhíonn aon bhaint acu leis an rud go díreach. Ach is cuma. Níl ann ach slí chun dán a thosú. Ansan nuair a bhíonn siad ag obair agus go mbíonn méid áirithe á dhéanamh acu, ar ndóigh bíonn siad go léir ag déanamh na saorvéarsaíochta* – sin é an faisean atá ann sa bhfichiú haois. Ach tugaim le fios dóibh go bhfuil rudaí eile ann chomh maith, abair anois dá mbeifeá ag gabháil de Bhéarla bheifeá ag déanamh an tsoinéid** – ní bhíonn sé sin i gceist i nGaeilge mar níor thóg sé *really* i gceart, ach meadaracht an amhráin agus cad atá i gceist leis sin agus tugaimid samplaí de agus ansan oibrímid air sin. Agus ansan má bhíonn am againn i ndeireadh an téarma déanaimid meadaracht na mbard agus cad atá i gceist leis sin agus conas a d’fhéadfá úsáid as bhaint as san, go mbeadh ciall leis sa lá atá inniu ann.

Cad iad na deacrachtaí is mó a bhíonn acu agus iad ag scríobh i nGaeilge?

’Sé an deacracht is mó a bhíonn acu ag scríobh i nGaeilge ná go mbíonn siad ag cuimhneamh i mBéarla. Agus bíonn, arís, bíonn cleasanna agam chun cur ina choinne sin agus múinim beagáinín gramadaí chomh maith nuair a bhím á dhéanamh. Abraimis, mar gheall ar an...má úsáideann siad an t-ainm briathartha***; *you know*, ‘ag bualadh’, ‘ag déanamh’; go gcaithfidh an tuiséal ginideach a bheith ina dhiaidh agus rudaí mar sin. Anois ní bhainim marcanna dóibh ar deireadh de bharr na gramadaí ach caithfidh an ghramadach a bheith i gceart, *so* ag pointe áirithe idir an dréacht a thugann siad...an dréacht deireanach...agus an dréacht a thugann siad domsa agus an dréacht deireanach caithfidh an ghramadach a bheith ceartaithe. *So* ceartaím é sin – agus múinim dóibh nuair a bhím ag ceartú cad atá i gceist ar an spota, *you know*, canathaobh go gcaithfidh sé seo a bheith sa ghinideach agus canathaobh nach... nach...*you know*, go bhféadfá é seo a dhéanamh. Má chuireann tú trí ghinideach i ndiaidh a chéile go bhfuil sé uafásach ait, *you know*, nó go bhfuil sé róchnapánach agus conas a d’fhéadfá ceann amháin acu a bhaint as agus é a dhéanamh ar shlí eile – rudaí mar sin. Scileanna beaga mar seo a bhaineann le scríobh na Gaeilge.

An bhfuil téamaí ar leith a thagann chun cinn i scríbhneoireacht na ndaoine óga?

Bíonn an grá ana-mhór i gceist, agus is maith liom é sin mar ciallaíonn sé go bhfuil siad ag scríobh as a dtaithe féin. Agus sea, bíonn dánta grá go mór i gceist.

Agus dánta a bhaineann lena muintir, leis an Mamó nó rud éigin mar sin. Roinnt mhaith acu bíonn siad uaigneach go leor – is dóigh leo go mbaineann dán le huaigneas nó le brón. Agus caithim a chur in iúl dóibh agus tugaim samplaí dóibh nach gá – abraimis tá dánta brónach go maith ag Seán Ó Ríordáin ach ansan tá cinn ar nós an dáin mar gheall ar an gcat agus an dán mar gheall ar an dán díreach, an lacha agus mar sin, gur dánta greannmhara iad. Agus tugaim iadsan dóibh chomh maith. Agus mar shampla air sin fuairéas dán ana-mhaith le déanaí – sórt litir ab ea é ó ghadáí a bhí tar éis briseadh isteach i seomra mná óige agus bhí sé déanta ana-mhaith. Bhí sé iontach mar bhí sé íoróineach agus bhí sé greannmhar agus dán maith ab ea é chomh maith.

Bhí tú i do scríbhneoir cónaithe in Ollscoileanna thar lear, i Meiriceá ach go háirithe.

Bhíos, ach an t-aon trioblóid mar gheall ar Mheiriceá, ní féidir liom scríbhneoireacht chruthaitheach as Gaeilge a mhúineadh i Meiriceá mar níl an Ghaeilge go dtí an leibhéal san. Is féidir, áfach... 'sé an rud a dhéanaim ansan ná múinim cúrsa filíochta. Abraimis an uair dheireanach a bhíos i Notre Dame do mhúineas cúrsa filíochta an fichiú haois ag tosú le Pádraig Mac Piarais agus ag críochnú le Gearóid Mac Lochlainn agus gach éinne idir eatarthu agus bhíomar á dhéanamh i mBéarla le mórán aistriúchán – bhí dhá cheann nó trí d'aistriúcháin agam ar chuid de na dánta ach i ndeireadh na dála phléimís i gcónaí an bundán. Mar bhí cuid acu agus ní raibh aon Ghaeilge acu agus bhí cuid acu agus bhí ceithre théarma de Ghaeilge déanta acu agus bhíodar tar éis dul 'on Ghaeltacht chomh maith so bhíodar ana-mhaith agus bhí cúpla duine, abraimis, bhí cúpla rud a bhí deacair, abraimis bhí sé ana-dheacair aistriúcháin mhaithe a fháil do Bhiddy (Bidy Jenkinson), agus ag pointe áirithe thógas dán áirithe léi – 'Suantraí na Mná Síni' – agus dheineas...chuireas gluais ar gach aon fhocal agus ansan thugas an ghluais dóibh agus dúrt, *look*, téigí abhaile agus scríobhaigí an t-aistriúchán atá ag dul leis seo agus thángadar isteach agus bhí rudaí iontacha déanta acu agus dhá cheann nó trí dúrt leo iad a chur ar aghaidh go dtí Bidy, go rabhadar chomh maith san.

* 'an saorvéarsaíocht' a deirtear

** 'ag déanamh an soineid' a deirtear

*** 'an t-ainmfhocal' a deirtear

Téacs

‘...Is í an cheist, ar ndóigh, ná cad í an chiall a thugaimid do cad is aistriúchán ann? Níl a fhios agam cé adúirt go bhfuil aistriúchán ar nós leannáin: má tá sí go hálainn, ní dócha go mbeidh sí dílis; agus má tá sí dílis, ní dócha go mbeidh sí go hálainn...Is amhlaidh go raibh teannas riamh ann idir an duine a bheadh ag iarraidh dán a aistriú ‘go litriúil’ – má tá a leithéid d’earra ann – agus an duine a bheadh ag iarraidh dán nua a chumadh mar mhalairt ar an mbundán. Tá daoine ann a mhaífeadh go mbeidh an fhilíocht sa bhrí litriúil ar aon nós, mar nach támhchuid draíochta bhreise í an fhilíocht sa dán, ar nós mar a chuirfeá siúicre ar chiste. Ina choinne sin, tá an campa eile atá láidir air gur de na focail, agus a ngabhann leo, atá an dán déanta, agus ní de na smaointe ina línte díreacha ina seasamh ar an aer.

Féach romhainn an chéad rann den dán cáiliúil ‘Adhlacadh mo Mháthar’...

Grian an Mheithimh in úllghort
Is siosarnach i síoda an tráthnóna,
Beach mhallaithe ag portaireacht
Mar screadstracadh ar an nóinbhrat.

Seo mar atá sé ag Valentin Iremonger:

A June sun in an orchard,
A rustle in the silk of afternoon,
The droning of an ill-natured bee
Loudly ripping the film of evening.

Tabharfaidh mé leagan Ghabriel Fitzmaurice daoibh láithreach:

June sun in the orchard
And a silken rustling in the fading day,
An infernal bee humming
Like a screamtearing of the evening’s veil.

‘Silksusurrus of afternoon’ atá ag Greg Delanty sa chuid is íogaire den véarsa sin, agus ‘ululatearing’ a scaoileann sé chugainn mar ‘screadstracadh’.

Thógfadh sé seimineár fada malltriallach na leaganacha seo a shíneadh suas lena chéile agus an meáchan fé leith atá ag ‘siosarnach i síoda an tráthnóna’ a chur suas is anuas le ‘rustle in the silk of the afternoon’, nó le ‘silken rustling in a fading day’, nó le ‘silksusurrus of afternoon’, gan trácht ar ‘screadstracadh’ agus ‘loudly ripping’ seachas ‘screamtearing’ seachas ‘ululatearing’, gan rithim na véarsaí a bhac, ná an tslí a leanann siad siar amach go deireadh an dáin le gubh inaitheanta, inchloiste...’

As an alt ‘An Teanga Eile Leath-Leis’ le hAlan Titley (*Tar éis a Bháis, Aistí ar Sheán Ó Riordáin*; eag. Máiréad Ní Loingsigh. Cló Iar-Chonnachta: 2008).
Le caoinchead ó Chló Iar-Chonnachta agus ón údar.